

Saoghal Éanacha i Mí Márta.

32-34

Mí mhór imirce seadh mí Márta ag éanacha bíonn treabh an chlumhaith uile ar siubhal. Na curtaithe a bhíos againn go líonbhar sa ngeimhreadh na druideaga gallda, fuiseoga creabhair chaocha, druideoga agus geallbhain cácha tá siad ar eilteog ar a mbealach go dtí an cósta agus fágann siad an tír ina nealtain indiaidh a chéile nílmid ach i dtús na deaghamsire fós agus ní bhéas ar gcuarthaithe samhraidh ar fagáil go ceann sgathaimh go mbeidh an aimsir feileamhnach dóibh. Béidh feadhgail caol na lapaire beaga le clos againn ar oidhcheannta ciúine sul má tuiteann néal orainn i nár leabacha béidh siad ar eilteog go hárd ar a mbealach go dtí talamh guir i dtír Lochlann nó i níoslann. Béidh gach uile chinéal d'éanlaith ag imtheacht uainn go dtí deire na Bealtaine agus tá comhnuightith sheasta againn nach bfágann an tír ar cor ar bith cé go n-athruigheann siad an tuisceart go dtí an deisceart, feileann mí Márta tar cionn don duine a dhéanfadh staidéar ar bhealaigh na n-éan mar bíonn siad uile cruadhógach an mhí sin bíonn ionad dá chuartú dá nhead aca agus bíonn siad a sárú a chéile a ceol agus na cleamhnais dá ndéanamh aca ar maidin go moch agus arís tráthnóna buidhe. Níl sgeach ná fál gan a dhíol de luindubha, de smólaigh de gealbhann cácha, agus bféidir go mbeadh le feicéal agat freisin roinnt de na héanacha is gleoidhte ar bith, na meanntáin bheaga mheidhreacha a bhéas i gcomhnaidhe a' glaothach is a' gíogghail agus iad ar lorg míola milis sa gcrannchurn. Tá siad ina ndoisíní ann. Shílfeá, meanntain dubha m. ghorma, m. mhóra, m. fhada agus iad greamuithe druim fútha nó ar nós cuma liom chloisfidh tú thar comhghlaodhach na meanntán glaothach eile níos lugha ná é atá a teacht ó na crainnibh leithe le nár nais, is cosmhala an fuaim le gíos luchóige ná guth éin, ach an feithide atá dá deanamh ní furasta a feiceál. Cídfís tú ar ball beag roinnt éiníní fírbheaga a' preabadh suas anuas faoi na gcraobhíní ach iad chó guagach nach bhfeicfidh tú iad ach ar éigin. Cidhfís tú ceann aca gach sé noiméad ar folruamhain san aér dheilteog beg fánach agus gan fhios aige déarfá céard a bhíos ar bun aige ach go gcaithfidh sé sgód a thabhairt dá sgeatháin le teann áthais. Nuair a bhéas cupla dreas beag eilteoige déanta aige tuirlingigheann sé san am ceana ceadna ar fhág sé nó i ngar dó. Agus is cruthínas an méad sin nach meantán an t-éinín mar bíonn fios a gnaithe i gcomhnaidhe ag an meanntán is eol dó ca bhfuil a triall, céard tá uaidh cen uair a d'éanfaidh sé seo ná siud.

Tá an deis againn faoi deire grinn radharc air fhagáil ingar dó agus tá a cloigean faoi na stríocaí ordha le feicéal againn is ar na stríocaí sin a aithnigheas sinn é Sé an dreoilín an chinn ordha é, an an dreoilín easpuig mar tugtar air sa nGaedhilg an téinín is lugha d'éanlaith Éireann. Ní troimide a cheann a b'airrín mar ní sháraigheann éinín ar bith le gleoidhteach ná le fáilidhe an t-easpóigín seo na coille a bhíos faoi gréim is faoi shíon a doirtaedeacht go caol-íseal agus ar sgén an lá fada sa gcrannlach. Is do- chreidthe an sgéal é go bhfuil toirtín bhídeach clumhais mar é indon ag turas fada fairrge ach is fíor, agus tugann go leor dreoilíní easpuig an mhuir mhór ortha féin sa bhfógmhar ag iarraidh tíortha níos teo a bhaint amach, filleann siad ar an tír seo arís san Earrach má imthigheann roinnt aca fanann go leor leas aca

againn feadh an geimhreidh agus meaduiheann cuartuithe a thigheas isteach adtuaidh a líon. Is éiníní ní-ghruaidh iad agus iad agus is cuma leo fuacht dá fuaire nó anfha dá gairbhe agus bainfidh siad amach an cnó péine is airde sa gcoill agus lár an gheimhridh gan a ngreim a cailleadh agus gan maoladh ar a meon meidreach Tá siad tugtha go mór do chomluadar na meanntán agus is gnáthach don dá chinéal a bheith i n-éinfeacht sa ngeimhreadh. Is fura iad a aithneachtáil iad féin agus na meanntáin fhada, agus a mbealaigh a thabhairt faoi deara sa ngeimhreadh ná sa samhradh nuair a bhéas an duilleabhar ann. Tá sleasa na gcnoc lom go fóill agus is fada go mbainidh an reathnach searradh aiste féin mar nár chuir sí tromshuan an gheimradh dhí fós. An glaoideach éin chois abhann sé an lon abhainn a rinne sino é ina saghad a sgiotar tar an tuile dásach agus siansán ón sgiatháin is éan ceardhubh é, toirteamhail agus gearr-earball air a bhrollach geal agus ciumhas cnódhonn ar an ngiodán bán. Is creatúr coithigheach é agus má thógruigeann tú a bhealaigh a thabhairt chun cruinnis caithfidh tú a ghéalshúil a choinnéal díot. Is fiú é go maith suaitheantas a thabhairt dó mar is éan áit é gabhfaidh sé glan faoin bpoll ar lorg míol uisge a chomhnuigheann ar grinneal na habhann. Is ortha a bhreathuigheann sé é féin An lon abhann Éireannach is dorcha druim é ná an lon abhann Sasanach agus is caoile an stríoca có dhonn air ná ar an éan thall. Tógann na loin abhainn a nead idir dhá carnán sa mbruach nó taobh istigh d'uisge an easa féin de chaonach a déantar é agus bíonn cruinn-cheann anuas uirthi mar béas ar nead an dreoilín. Togann an lon an nead go luath sa mbliain agus is minic a céad-ál leigte amach ag a leath-éan i ndeire Márta. Ba chóir aireachas a dhéanamh seasta faoi chóir na nean imirce is túsige a bhéas chugainn agus feadfamuid lán súl fagháil de na siocáin sneachaidh agus de na deasgadáin sul má imthighid mar glann faidh siad leo go tír Lochlann leis an gcead gaoth aniar nó anoirndéas